

# Ár bhFeidhmíocht

## Ag Amharc Siar, Ag Dul Chun Cinn



Comhairle Ceantair  
an Iúir, Mhúrn  
agus an Dúin  
**Newry, Mourne  
and Down**  
District Council







Leagann An tAcht Rialtais Áitiúil (TÉ) 2014 amach dualgas ginearálta feabhsaithe ar an rialtas áitiúil, trína gcaithfidh gach Comhairle Ceantair socruithe a chur in áit le feabhsú leanúnach a aimsiú i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna.

## Ag Amharc Siar Measúnú ar Fheidhmíocht 2017-18





Gach bliain, tá de dhualgas orainn Measúnú ar Fheidhmíocht a fhoilsiú lena thaispeáint ar baineadh amach feabhsuithe a bhí pleanáilte. Leagann an Measúnú ar Fheidhmíocht amach dul chun cinn na Comhairle maidir le soláthar:


















- Spriocanna Feabhsaithe Feidhmíochta 2017-18
- Táscairí feidhmíochta reachtúla agus caighdeáin le haghaidh forbairt gheilleagrach, pleanáil agus bainistíocht dramhaíola
- Táscairí a leag muid orainn féin, mar atá san achoimre i bPlean Corparáideach 2015-19



Rinneadh ár bhfeidhmíocht a thraiceáil maidir le spriocanna agus treochtaí ceaptha thar am, ag úsáid na heochrach eolais seo thíos. Tá cuid den eolas feidhmíochta sa cháipéis seo sealadach go fóill agus déanfar é a nuashonrú agus a fhoilsiú tríd an Mheasúnú Feidhmíochta i Meán Fómhair 2018.

Stádas		Treocht	
	Sprioc nó cuspóir aimsithe / ar shlí a bheith aimsithe		D'fheabhsaigh feidhmíocht ón bhliain roimhe
	Sprioc nó cuspóir páirtaimesithe / tá sé dóchúil go n-aimseofar é / d'fhéadfadh moill a bheith air		Tá an feidhmíocht mar an gcéanna leis an bhliain roimhe
	Níl sprioc nó cuspóir aimsithe / tá sé dóchúil nach n-aimseofar é		Tháinig meath ar an feidhmíocht ón bhliain roimhe

## Dul chun cinn d'aon amharc

Cuspóir Feabhsaithe Feidhmíochta	Dul chun cinn	Stádas
<b>Stíl mhaireachtála fholláin a spreagadh trí rannpháirt mhéadaithe i ngníomhaíochtaí fóillíochta, spóirt agus áineasa</b>	Tá Ionad Fóillíochta an Iúir críochnaithe	
	Tá moill ar Ionad Fóillíochta Dhún Pádraig	
	Freastal níos mó ag áiseanna fóillíochta na Comhairle*	
	Rinneadh suirbhéanna sásaimh custaiméirí ag sé áis fóillíochta de chuid na Comhairle	

	Tá feidhmiú na Straitéise Súgartha agus na Straitéise um Áiseanna Fóillíochta faoi shiúl	
	Ghlac 1,175 páiste agus duine óg páirt i dtionscnaimh Súgartha Pobail	
<p><b>Fás geilleagrach a fheabhsú trí thionscnaimh gnó nua a chruthú, tacú le fás gnólachtaí atá ann cheana agus an tIúr, Múrn agus an Dún a chur chun tosaigh mar phríomhcheann scríbe turasóireachta</b></p> <p><b>£</b></p>	Cuireadh 168 post nua chun tosaigh agus tacaíodh le 167 tionscnamh gnó nua trí ghníomhaíocht tionscnamh gnó	
	Cuireadh críoch le Glasbhealach Loch Chairlinn idir an Chora agus Loc Victoria	
	Mheall na cúig Mhórfhéile Eachtraíochta s'againn 139,000 cuairteoir agus ghin siad £4m measta don gheilleagar áitiúil	
	Méadú 41% sa líon cuairteoirí**	
	Méadú 27% i gcaiteachas cuairteoirí**	
<p><b>Athghiniúint uirbeach agus tuaithe a sholáthar a chruthóidh Ceantar ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí ann, obair ann agus infheistíocht a dhéanamh ann</b></p> 	Cuireadh tús le hathchóiriú Pháirc Bhaile an Phointe	
	Moill i dtosú trí scéim feabhsaithe agus athbheochana Comhshaoil	
	Cuireadh Tionscnamh Spás Glas Fhoirceala i gcrích	
	Nuashonraíodh agus cruthaíodh 45 Plean Sráidbhaile	
	Tréimhse phróiseála feabhsaithe le haghaidh iarratais phleanála áitiúla	
	Méadú ar an tréimhse phróiseála le haghaidh móriarratais phleanála	
<p><b>Ceantar níos glaine, níos glaise agus</b></p>	Méadú 5% sa ráta athchúrsála***	
		

<p><b>níos tarraingtí a chruthú</b></p> 	Laghdú 50% sa mhéid dramhaíola a théann go líonadh talún***	
	Laghdú 14% i ndramhaíl araidí bruscair dubha, méadú 4% i ndramhaíl araidí bruscair gorma agus méadú 60% i ndramhaíl araidí bruscair donna****	▲
	Moill ar Ionad Athchúrsála Tí Dhún Pádraig	☹️
	Bronnadh £39,988 ar 'Down Your Street – Live Here, Love Here'	😊
<p><b>Pobail áitiúla a mhisniú agus a chumasú le bheith páirteach i struchtúir agus i dtionscnaimh na Comhairle</b></p> 	Glacadh le Creat Corparáideach Comhairliúcháin agus Rannpháirtíochta	😊
	Ionadaíocht shuntasach ón phobal, ó na hearnálacha deonacha agus gnó ar struchtúir rannpháirtíochta na Comhairle	😊
	Bronnadh tuilleadh agus £1.3m ar 403 togra tríd an Scéim um Chúnamh Airgeadais	😊
	Cuireadh athbhreithniú ar ionaid pobail i gcrích	😊

\*Baineann comparáidí le haghaidh tinrimh ionaid fóillíochta le 2015-16 agus 2016-17

\*\* Baineann comparáidí le haghaidh figiúirí turasoíreachta le 2015 agus 2016

\*\*\*Baineann comparáidí le haghaidh figiúirí athchúrsála agus líonadh talún le Ráithe 1, Ráithe 2 agus Ráithe 3 2016-17 agus 2017-18

\*\*\*\* Baineann comparáidí le haghaidh dramhaíl araidí bruscair dubha, gorma agus donna le 2016-17 agus 2017-18 (níl na sonraí deimhnithe go fóill)

## Ag Dul Chun Cinn Cuspóirí Feabhsaithe Feidhmíochta 2018-19

Gach bliain, tá de dhualgas orainn cuspóirí feabhsaithe feidhmíochta a leagan amach do na seirbhísí a chuirimid ar fáil, agus socruithe a bheith in áit leis na cuspóirí sin a aimsiú. Shainaithin an Chomhairle cúig chuspóir feabhsaithe feidhmíochta do 2018-19, a dtugtar tacaíocht dóibh trí réimse gníomhaíochtaí, cuid acu a bhfuil achoimre déanta orthu thíos. Is é is aidhm leis na cuspóirí seo tabhairt faoi cheisteanna is mó atá tábhachtach ag an phobal, agus atá:

Nasctha le Plean an Phobail, leis an Phlean Chorparáideach agus le Pleananna Gnó na Stiúrthóireachta	✓
Bunaithe ar eolas feidhmíochta atá ann cheana	✓
Ag teacht leis na seacht ngné feabhsaithe straitéiseacha	✓
Bunaithe ar chomhairliú agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara	✓

## **Cuspóir 1**

### **Stíl mhaireachtála fholláin a spreagadh trí rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí fóillíochta, spóirt agus áineasa**

#### **An rud a dhéanfaimid**

- Athchóiriú Shólann Dhún Pádraig a chríochnú
- Na háiseanna spóirt atá ann cheana a fheabhsú trí fheidhmiú Straitéis na nÁiseanna Spóirt
- Deiseanna súgartha neamhsheasta agus seasta a sholáthar agus a fheabhsú trí fheidhmiú na Straitéise Súgartha
- Páistí agus daoine óga a mhealladh le bheith rannpháirteach i Súgradh Pobail agus i dtionscnaimh sláinte agus folláine
- Roghanna le forbairt páirce ag Báisín Albert, an tIúr, a mheas agus a chur chun tosaigh
- Plean Gníomhaíochta, Margaíochta agus Forbartha a dhéanamh le soláthar gníomhaíochta fisiceacha ar fud an Cheantair a leagan amach

## **Cuspóir 2**

### **Fás geilleagrach a fheabhsú trí thionscnaimh gnó nua a chruthú, tacú le fás gnólachtaí atá ann cheana agus an tIúr, Múrna agus an Dún a chur chun tosaigh mar phríomhcheann scríbe turasóireachta**

#### **An rud a dhéanfaimid**

- 155 post nua a chur chun tosaigh agus tacú le 193 tionscnamh gnó nua ar fud an Cheantair
- Tacú le bunú agus le fás gnólachtaí áitiúla agus le fiontraíochtaí sóisialta
- Moltaí a chur ar fáil le hinfheistíocht a dhéanamh i bpobail atá ag brath ar an iascaireacht, mar atá, Cill Chaoil, Áth na Long agus Ard Ghlais
- Margadh Cathrach i Réigiún Bhéal Feirste a chur chun cinn trí oibriú i gcomhpháirt le Comhairlí páirteacha, Roinn Airgeadais na Breataine agus Oifig Thuaisceart Éireann le moladh infheistíochta a chur isteach chuig an Roinn Pobal agus Rialtais Áitiúil
- Iarratas a chur isteach le stádas Geopháirc Dhomhanda a fháil do Bheanna Boirche agus Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn faoi Shamhain 2019
- Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta a fhorbairt le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha a mhéadú
- Na cúig Mhórfhéile Eachtraíochta ar fud an Cheantair a eagrú

## **Cuspóir 3**

### **Athghiniúint uirbeach agus tuaithe a sholáthar a chruthóidh Ceantar ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí ann, obair ann agus infheistíocht a dhéanamh ann**

#### **An rud a dhéanfaimid**

- Oidhreacht fhisiceach agus chultúrtha Pháirc Bhaile an Phointe a athchóiriú
- Oibriú leis an Roinn Pobal le tús a chur le soláthar scéimeanna feabhsaithe agus athnuachan comhshaoil i nDún Pádraig, san Iúr agus sa Phointe.
- Maoiniú a aimsiú i dtreo feabhsuithe fisiceacha agus comhshaoil atá sainaitheanta taobh istigh de Phleananna Sráidbhaile
- Oibriú i gcomhpháirt leis na Ranna ábhartha le nascacht dhigiteach a fheabhsú ar fud an Cheantair
- Maoiniú a aimsiú le hathnuachan Dhiméin Dhoire Mór a chur chun cinn
- Dul i gcomhairle ar an Pháipéar Roghanna Roghnaithe le táirgeadh Plean Forbartha Áitiúil a chur chun cinn
- Tréimhsí próiseála le haghaidh iarratais phleanála áitiúla agus cásanna forfheidhmithe a fheabhsú

#### **Cuspóir 4**

#### **Ceantar níos glaine, níos glaise agus níos tarraingtí a chruthú**

##### **An rud a dhéanfaimid**

- Tionscnamh 'Seirbhísí Comharsanachta' a fhorbairt, lena n-áirítear seoladh uimhir ghutháin agus cainéil ar líne tiomnaithe le mórcheisteanna a bhaineann le glaineacht sráide, bailiú bruscair agus coireacht chomhshaoil a thuairisciú
- Rannpháirtíocht an phobail i bhfeachtais glantacháin áitiúla a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- Eolas a scaipeadh faoin drochthionchar atá ag coireacht chomhshaoil agus an tábhacht a bhaineann le hathchúrsáil
- An ráta athchúrsála a mhéadú go 50% faoi 2020 agus leanúint de bheith ag laghdú an mhéid dramhaíola a théann go líonadh talamh
- An dóigh a mbailítear gloine ar fud an Cheantair a chaighdeánú
- Ionad Athchúrsála Dramhaíl Tí Dhún Pádraig a oscailt

#### **Cuspóir 5**

#### **Pobail áitiúla a mhisniú agus a chumasú le bheith páirteach i struchtúir agus i dtionscnaimh na Comhairle**

##### **An rud a dhéanfaimid**

- An leibhéal rannpháirtíochta i gcomhpháirtíochtaí na Comhairle a láidriú, lena n-áirítear Fóraim na dToghcheantar Áitiúil agus Comhpháirtíochtaí Athnuachana Comharsanachta
- Na Scéimeanna 'Pobal ar Aire', 'Maidin Mhaith, Comharsa Mhaith', agus 'Slán sa Bhaile' a chur chun cinn
- Tríd an Scéim um Chúnamh Airgeadais, tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail le tograí a chur ar fáil trasna na n-eochair-réimsí, lena n-áirítear féilte, forbairt an spóirt agus dea-chaidreamh
- Grúpaí mionlaigh a mhealladh chuig tionscnaimh na Comhairle, lena n-áirítear daoine óga, seandaoine, an pobal gorm agus mionphobail eitneacha

## Bíodh cead cainte agat

Fáiltimid roimh d'aiseolas agus do mholtaí ar an dóigh le seirbhísí na Comhairle a fheabhsú amach anseo. Tá lánchóipeanna de na cáipéisí seo a leanas ar fáil le híoslódáil ónár suíomh gréasáin [www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org):

- **Performance Improvement Plan 2018-19 - 29 June 2018**
- **Assessment of Improvement 2017-18 – 28 September 2018**

I gcomhair tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Kate Bingham

Ceann Feidhmíochta agus Feabhsaithe

Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Teach Uí Ágáin

Rae Mhuineacháin

An tIúr

Co an Dúin

BT35 8DJ

Guthán: 0300 013 2233 / Ríomhphost: [kate.bingham@nmandd.org](mailto:kate.bingham@nmandd.org)

Tá an cháipéis seo ar fáil i bhformáidí eile ach iad a iarraidh.